# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

## STAIDÉAR GNÓ – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

**(160 marc)**

DÉ MÁIRT, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 p.m. - 4.00 p.m.

- Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.
- **CEITHRE** cheist ar bith a fhreagairt.
- Bronnfar marcanna ar leagan amach agus ar chur i láthair mar aon le fóiliónna agus dátaí, de réir mar is cuí.
- Ba cheart go dtaispeánfaí an lá, an mhí agus an bhliain sna dátaí.
- Is ceadmhach áireamháin a úsáid.

**1.** **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Túsiontrála, le Mórleabhar agus le Comhardú Trialach.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Is stór miondíoltóra é Ó CEALLAIGH Tta.

**(A)** Déan na Bearta Creidmheasa seo a leanas a thaifeadadh i Leabhar na gCeannachán agus sa Leabhar Aischur Amach ag Ó CEALLAIGH Tta do mhí Aibreáin 2008. Breac na figiúirí cuí ó na leabhair i gCuntais an Mhórleabhair.

| | | | |
|---|---|---|---|
| 3/4/2008 | Cheannaigh earraí ar cairde ó NEE Tta | Uimh. Shonraisc 12 | €16,000 + CBL 13.5% |
| 9/4/2008 | Cheannaigh earraí ar cairde ó HAY Tta | Uimh. Shonraisc 67 | €22,600 + CBL 13.5% |
| 15/4/2008 | D'aischuir earraí go NEE Tta | Nóta Creidmheasa Uimh. 5 | € 7,000 + CBL 13.5% |

(16)

**(B)** Déan na Bearta Bainc seo a leanas do mhí Aibreáin a thaifeadadh sa Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim ag Ó CEALLAIGH Tta. Breac na figiúirí cuí sna Cuntais Mhórleabhair.

Nóta: Miondealaigh na Bearta Bainc agus tú ag baint úsáide as na ceannteidil airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc Díolacháin CBL Scairchaipiteal

**Taobh an Sochair (Íocaíochtaí):** Banc Ceannacháin CBL Solas agus Teas Creidiúnaithe

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1/4/2008 | D'infheistigh scairshealbhóir €150,000 agus lóisteáladh é seo | | Admháil Uimh. 24 |
| 2/4/2008 | Ceannacháin le hathdhíol | (Seic Uimh. 45) | €70,000 + CBL 13.5% |
| 13/4/2008 | D'íoc bille leictreachais | (Seic Uimh. 46) | €1,700 |
| 19/4/2008 | Lóisteáladh Díolacháin ar Airgead Síos | | €90,800 (€80,000 + CBL €10,800) |
| 28/4/2008 | Íocadh HAY Tta | (Seic Uimh.47) | €17,500 |

(15)

**(C)** Comhardaigh na cuntais ar an 30 Aibreáin 2008 agus bain amach Comhardú Trialach mar a bheadh ar an dáta sin.

(9)

**(40 marc)**

**2.** **Baineann an Cheist seo le Díolacháin, le Doiciméid Ghnó agus le Leabharchoimeád.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** **(i)** Luaigh **trí** mhodh cumarsáide a d'fhéadfadh gnólacht a úsáid chun eolas d'fháil ar earraí agus ar sheirbhísí.

**(ii)** Cheannaigh CARO Tta earraí ar €24,000. Is é an t-ollbhrabús ar na hearraí nuair a dhíoltar iad ná 55%. Díoladh na hearraí go léir.

Ríomh an tIoncam Iomlán atá le tuilleamh ó dhíolachán na n-earraí.
(Taispeáin do chuid oibre.)

(8)

**(B)** Ar an 28 Bealtaine 2008, ghlac GEALPHÉINT Tta le hOrdú Uimh. 3 ó Ó MÁIRTÍN Tta, 10 Gleann Glas, Baile Locha Riach, Co. na Gaillimhe le haghaidh na n-earraí seo a leanas:

| | | | |
|---|---|---|---|
| 50 | Druma deich lítear de phéint bhán | @ | €60 an druma |
| 50 | Druma cúig lítear de phéint bhánbhuí | @ | €80 an druma |
| 15 | Druma cúig lítear d'ábhar leasaithe adhmaid | @ | €50 an druma |

Bhí na hearraí uile a ordaíodh i stoc ach amháin an t-ábhar leasaithe adhmaid.

D'eisigh GEALPHÉINT Tta Sonrasc Uimh. 42 le haghaidh na n-earraí i stoc ar an 1 Meitheamh 2008. Bhí na téarmaí seo a leanas sa Sonrasc: Lascaine Thrádála 30% agus CBL 21%.

Tar éis na hearraí agus Sonrasc Uimh. 42 a fháil ar an 4 Meitheamh 2008, d'íoc Ó MÁIRTÍN Tta an tsuim iomlán a bhí dlite.

D'eisigh GEALPHÉINT Tta Admháil Uimh. 67, sínithe ag Máire Uí Ghile ar dháta an lae inniu.

**(i)** Cad iad na nósanna imeachta a mholfá do GEALPHÉINT Tta nuair a bhíonn siad ag ullmhú agus ag próiseáil admhálacha?

**(ii)** Comhlánaigh Sonrasc Uimh. 42 agus Admháil Uimh. 67 a d'eisigh GEALPHÉINT Tta.

**(iii)** Déan eisiúint an tSonraisc agus na hAdmhála a thaifeadadh sa Leabhar Díolachán agus sa Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim ag GEALPHÉINT Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo.*

(32)

**(40 marc)**

**3.** **Baineann an cheist seo le Fostaíocht agus le Caidreamh Tionsclaíoch.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Luaigh **trí** cheart agus **trí** dhualgas a bhaineann le fostóirí.

(6)

**(B)** Déan staidéar ar an sliocht as nuachtán thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.

> Táthar ag ceapadh go dtabharfaidh na Ceardchumainn in Eircom fógra stailce inniu os rud é gur theip ar chainteanna a bhí ar siúl le réiteach a fháil ar aighneas pá. Ní mór do na ceardchumainn fógra faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch a thabhairt don bhainistíocht seachtain roimh ré. Creideann an ceardchumann is mó sa ghnólacht, an COC, go rachaidh an scéal go dtí an Coimisiúin um Chaidreamh Oibreachais nuair a thabharfar an fógra. Vótáil tromlach mór na mball den COC i bhfabhar gníomhaíocht thionsclaíoch nuair a dhiúltaigh Eircom ardú pá 2% a íoc le fostaithe – rud a bhí dlite dóibh faoin gComhaontú Náisiúnta Pá – go dtí go mbeidís toilteanach a ngnásanna oibre a athrú.

**(i)** Ainmnigh an **dá** pháirtí atá in aighneas.

**(ii)** Cén sórt gníomhaíocht thionsclaíoch atá molta?

**(iii)** Sainaithin an tríú páirtí a d'fhéadfadh an t-aighneas a réiteach, b'fhéidir.

(10)

**(C)** **(i)** Seachas pá, mínigh **trí** chúis fhéideartha le haighnis tionsclaíocha.

**(ii)** Mínigh **trí** cinn de na téarmaí seo a leanas:

Eadráin
Idir-Réiteach
Stíobhard Ceardlainne
Bainisteoir Acmhainní Daonna.

(24)

**(40 marc)**

**4.** **Ceist í seo a bhaineann le Cuntais Chríochnaitheacha agus Clár Comhardaithe.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

Baineadh an Comhardú Trialach seo a leanas as leabhair SCOTT Tta ar an 31 Bealtaine 2008.
Is é an Scairchaipiteal Údaraithe ná 550,000 gnáthscair ar €1 an ceann.

| **COMHARDÚ TRIALACH SCOTT Tta ar an 31 Bealtaine 2008** | **Dr €** | **Sr €** |
|---|---|---|
| Ceannacháin agus Díolacháin | 175,000 | 273,500 |
| Stoc Tosaigh 1/6/2007 | 12,000 | |
| Dleacht Allmhairíochta | 6,700 | |
| Carraeireacht Amach | 4,000 | |
| Féichiúnaithe agus Creidiúnaithe | 60,000 | 30,000 |
| Árachas | 2,900 | |
| Ús Infhaighte | | 6,500 |
| Pá | 44,000 | |
| Innealra | 120,000 | |
| Foirgnimh | 300,000 | |
| Banc | 5,000 | |
| Iasacht 25 bliain | | 140,000 |
| Airgead Tirim | 1,400 | |
| Talamh | 230,000 | |
| Cúlchistí (Comhardú Brabúis agus Caillteanais) | | 111,000 |
| Scairchaipiteal Eisithe: 400,000 Gnáthscair ar €1 an ceann | | 400,000 |
| | 961,000 | 961,000 |

**(A)** Iarrtar ort **Cuntas Trádála, Cuntas Leithghabhála Brabúis agus Caillteanais** na bliana dar críoch 31 Bealtaine 2008 a ullmhú maille le **Clár Comhardaithe** mar a bheadh ar an dáta sin.

Tugtar an t-eolas seo a leanas duit mar a bheadh ar an 31 Bealtaine 2008.

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stoc Deiridh | €17,500 |
| (ii) | Dleacht Allmhairíochta dlite | € 1,300 |
| (iii) | Ús Infhaighte dlite | € 600 |
| (iv) | Árachas réamhíoctha | € 700 |
| (v) | Dímheas: Innealra 15% | |
| (vi) | Díbhinní fógartha 5% | |

(35)

**(B)** Sainaithin **dhá** shócmhainn chuí sa **Chomhardú Trialach** thuas a d'fhéadfaí a úsáid mar chomhthaobhacht don Iasacht 25 bliain.

(5)

**(40 marc)**

**5.** **Ceist Imeasctha í seo ar Chórais Seachadta.**

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Is minice a úsáidtear bóthair dhola in Éirinn anois.
Luaigh buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** do ghnólachtaí a úsáideann iad.

(4)

**(B)** Mínigh **dhá** chúis a gcuirfeadh gnólacht córas seachadta ar fáil dá chustaiméirí.

(6)

**(C)** Ríomh an costas iompair do **lá amháin** ó na sonraí curtha ar fáil ag Ó FATHAIGH Tta, imdháileoir torthaí. (Taispeáin do chuid oibre.)

Feidhmíonn Ó FATHAIGH Tta 330 lá oibre sa bhliain
Is féidir leis an veain díosail a úsáidtear 33 ciliméadar a thaisteal ar lítear amháin
Taistealaítear 660 ciliméadar gach lá
Is é costas an díosail ná €1.10 ar gach lítear
Is é ollphá an tiománaí ná €240 in aghaidh an lae
Is é ÁSPC an fhostóra ná 12.5%
Is é an mótarcháin bhliantúil ná €1,320
Is é árachas bliantúil mótair ná €2,640
Cosnaíonn deisiúcháin mhótair €1,650 gach bliain
Cosnaíonn táillí dola €30 gach lá.

(16)

**(D)** Ar an 25 Bealtaine 2008, cheannaigh Ó FATHAIGH Tta veain seachadta nua ar cairde ó CARRANNA COX Tta ar €56,000.

Déan ceannach an veain seachadta a thaifeadadh sa Leabhar Cúnta Ginearálta agus sna cuntais Mhórleabhar chuí ag Ó FATHAIGH Tta *ar an mbileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(14)

**(40 marc)**

| 6. | **Ceist í seo a bhaineann le Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim agus le Monatóireacht ar Fhorchostais.** |
|---|---|

***Freagair gach cuid den cheist seo:***

**(A)** Sainaithin **trí** ghnás ba cheart a bheith ag gnólacht chun monatóireacht a dhéanamh ar a fhorchostais.

(6)

**(B)** Ullmhaigh Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim do PLUIMÉIRÍ LP Tta ó na sonraí thíos. Nóta: Bain úsáid as na colúin airgid seo a leanas:

**Taobh an Dochair (Fáltais):** Banc

**Taobh an Sochair (Íocaíochtaí):** Banc Pá Fógraíocht Veain Teileafón Ús

| | | | € |
|---|---|---|---|
| 1/5/2008 | Dlite don bhanc | | 1,200 |
| 2/5/2008 | D'íoc as fógraíocht | Seic Uimh. 1 | 3,000 |
| 4/5/2008 | Fuarthas ó BREATNACH Tta | Fáltas Uimh. 1 | 4,300 |
| 7/5/2008 | D'íoc Eircom | Seic Uimh. 2 | 800 |
| 9/5/2008 | D'íoc pá | Seic Uimh. 3 | 700 |
| 11/5/2008 | Fuarthas ó MAC EOIN Tta | Fáltas Uimh. 2 | 6,700 |
| 14/5/2008 | D'íoc an bille díosail | Seic Uimh. 4 | 480 |
| 16/5/2008 | D'íoc ús ar iasacht | Seic Uimh. 5 | 500 |
| 18/5/2008 | D'íoc pá | Seic Uimh. 6 | 550 |
| 22/5/2008 | Fuarthas ó Chumann CLG Mhuire | Fáltas Uimh. 3 | 1,600 |
| 24/5/2008 | D'íoc as fógraíocht | Seic Uimh. 7 | 4,500 |
| 27/5/2008 | D'íoc as mótarcháin don veain | Seic Uimh. 8 | 800 |
| 29/5/2008 | D'íoc as árachas don veain | Seic Uimh. 9 | 3,200 |
| 31/5/2008 | Fuarthas ó Ó CEALLAIGH Tta | Fáltas Uimh. 4 | 8,500 |

(17)

**(C)** *Ar an mbileog curtha ar fáil leis an bpáipéar seo* gheobhaidh tú tábla páirt-chomhlánaithe a thaispeánann Forchostais Bhuiséadaithe do mhí na Bealtaine 2008.

**(i)** Comhlánaigh an colún **'Iarbhír'** agus tú ag baint úsáide as na hiomláin ón Leabhar Miondealaithe Airgid Thirim.

**(ii)** Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos mó** ná na figiúirí buiséadaithe agus tabhair cúis fhéideartha **amháin** leis an difríocht i ngach cás *sa roinn chuí den bhileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

**(iii)** Liostaigh na forchostais a bhfuil a bhfigiúirí iarbhír **níos lú** ná na figiúirí buiséadaithe agus tabhair cúis fhéideartha **amháin** leis an difríocht i ngach cás *sa roinn chuí den bhileog atá curtha ar fáil leis an bpáipéar seo*.

(17)

**(40 marc)**

Leathanach Bán